Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 9 Nollaig 2022**
**(OR. en)**

**15179/1/22**
**REV 1**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0369(APP)**

**FIN 1259**
**CADREFIN 200**
**RESPR 43**
**POLGEN 152**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 14473/22 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 14442/22 (COM(2022) 595 final) |
| Ábhar: | Rialachán ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027<br>– *Glacadh an ghnímh reachtaigh*<br>– *Cinneadh maidir leis an nós imeachta i scríbhinn a úsáid le haghaidh ghlacadh an tseasaimh ón gComhairle ar an gcéad léamh agus an ráitis ar chúiseanna na Comhairle*<br>– *Cinneadh maidir le maolú ar an tréimhse 8 seachtaine dá bhforáiltear in Airteagal 4 de Phrótacal 1 maidir le ról na bparlaimintí náisiúnta san Aontas* |

1. An 9 Samhain 2022, thíolaic an Coimisiún togra le haghaidh Rialachán ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2020/2093 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027[1]. Is cuid é an Rialachán ón gComhairle atá beartaithe den phacáiste tograí maidir leis an tacaíocht don Úcráin a mhaoiniú, mar aon leis an togra ón gCoimisiún le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Ionstraim chun tacaíocht a thabhairt don Úcráin le haghaidh 2023 (cúnamh macra-airgeadais +)[2] agus an togra ón gCoimisiún le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 a mhéid a bhaineann le straitéis cistiúcháin éagsúlaithe a bhunú mar mhodh ginearálta iasachtaíochta[3].

[1] 14442/22.
[2] 14562/22.
[3] 14443/22.

2. I gcomhréir le hAirteagal 312(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, féadfaidh an Chomhairle an rialachán a ghlacadh ag gníomhú di d'aon toil, tar éis di toiliú a fháil ó Pharlaimint na hEorpa.

3. An 18 Samhain 2022, cuireadh an dréachtrialachán ón gComhairle ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa chun a toiliú a fháil.

4. Thug Parlaimint na hEorpa a toiliú don dréachtrialachán ag an seisiún iomlánach an 24 Samhain 2022[4].

5. Chun go mbeidh an Chomhairle in ann an dréachtrialachán ón gComhairle a ghlacadh gan mhoill, ní mór don Chomhairle cinneadh a dhéanamh, i bhfianaise a phráinní atá an t-ábhar, giorrú a dhéanamh, i gcomhréir le hAirteagal 3(3) dá Rialacha Nós Imeachta, ar an tréimhse 8 seachtaine a leagtar síos in Airteagal 4 de Phrótacal Uimh. 1 maidir le ról na bParlaimintí náisiúnta san Aontas Eorpach.

6. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe:

- a mholadh don Chomhairle téacs an dréachtrialacháin ón gComhairle a ghlacadh, mar a chuir na saineolaithe dlí agus teanga bailchríoch air agus mar a leagtar amach in 14471/1/22 REV 1 agus REV 2 (de) é;

- cinneadh a dhéanamh, i gcomhréir leis an gcéad fhomhír d'Airteagal 12(1) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle, go n-úsáidfidh an Chomhairle, i bhfianaise phráinn an ábhair, an nós imeachta i scríbhinn chun an dréacht-Rialachán ón gComhairle a ghlacadh mar a chuir na saineolaithe dlí agus teanga bailchríoch air agus mar a leagtar amach in 14471/1/22 REV 1 agus REV 2 (de) é agus maidir leis an gcinneadh maolú, ar bhonn an dara fomhír d'Airteagal 3(3) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle, ón tréimhse ocht seachtaine dá dtagraítear sa chéad fhomhír den Airteagal sin.

Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtaráin na Comhairle, foilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* é.

---

[4] P9_TA(2022)0410.